Cleachtadh eagarthóireachta 19

Cuir eagar ar an téacs seo thíos, a foilsíodh ar shuíomh gréasáin Uisce Éireann. Bíodh aird faoi leith agat ar chuspóir an téacs, i.e. eolas faoi obair na heagraíochta a sholáthar do chustaiméirí. An bhfuil an téacs sothuigthe, soiléir? Cúpla pointe eile:

- Is aistriúchán ó Bhéarla é seo. Tá an téacs Béarla le fáil in Ó Bhéarla go Gaeilge: cleachtadh 17.
- Tá tráchtaireacht ar an aistriúchán Gaeilge thíos le fáil in Nótaí ar chleachtadh eagarthóireachta 19.

Tá uisce ar na hacmhainní is luachmhaire atá againn. Cruthaíodh ár dtírdhreach as, tógadh ár gcathracha bunaithe air, chosain sé ár sláinte agus cuireadh lenár bhforbairt eacnamaíochta mar gheall air.

Caomhnú uisce a fheabhsú

Déanfaidh do mhéadar líon uisce a sholáthraítear chuig do bhaile a thaifeadadh, rud a chuirfidh ar do chumas do thionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú.

Obair le chéile le seirbhísí uisce inbhuanaithe don todhchaí a chinntiú

Trí uisce níos lú a chur amú, níos lú truaillithe, níos mó athúsáide, bainistíocht éifeachtach, infheistíocht chríonna agus éifeachtúlacht níos fearr i ngach úsáid uisce – tá an poitéinseal ag Éirinn a bheith ar na tíortha is athléimní ar fud an domhain ó thaobh uisce de. Táimid ag tús turas fada, agus beidh orainn tú a bheith ag obair linn le cinntiú go mbeidh seirbhísí uisce inbhuanaithe againn sa todhchaí. Chuige sin, tá do rannpháirtíocht ag teastáil uainn maidir le méadrú, agus billeáil sa deireadh. Le chéile, is féidir linn an acmhainn luachmhar seo a fheabhsú agus a dhaingniú, acmhainn atá ríthábhachtach i saol sóisialta agus eacnamaíoch an náisiúin seo sna blianta fada atá romhainn.